# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/806 ÓN gCOIMISIÚN

## an 10 Márta 2021

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phropán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán a chur san áireamh mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]) liosta de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu maidir lena bhformheas féideartha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Tá dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán san áireamh sa liosta sin.

(2) Rinneadh measúnú ar dhé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19, éarthaigh agus mealltóirí, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) Ainmníodh an Fhrainc mar an Ballstát is rapóirtéir agus chuir a húdarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnaithe mar aon lena conclúidí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") an 18 Meán Fómhair 2019.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, ghlac Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht an 16 Meitheamh 2020 ([3]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

(5) De réir na tuairime sin, féadfar a bheith ag súil go gcomhlíonfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 ina n-úsáidtear dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán ceanglais Airteagal 19(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thángthas ar an gconclúid freisin sa tuairim ón nGníomhaireacht nach cúis imní í an tsubstaint ghníomhach sin agus go bhfuil sí incháilithe lena cur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht á cur san áireamh, is iomchuí, dá bhrí sin, dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán a chur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ós rud é go ndearnadh measúnú ar dhé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán bunaithe ar shainchomhad substainte gníomhaí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) de Threoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ba cheart dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán a chur san áireamh i gcatagóir 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, "Substaintí a bhfuil sainchomhad substainte gníomhaí bailíochtaithe ag Ballstát ina leith i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán seo nó a bhfuil glactha le sainchomhad den sórt sin ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir 98/8/CE".

(7) Tá bearta idirthréimhseacha in Airteagal 89(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás ina bhformheastar substaint ghníomhach atá ann cheana agus atá san áireamh sa chlár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i gcomhréir leis an Rialachán sin. Maidir le dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar na substaintí gníomhacha uile atá ann cheana atá i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

([3]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar shubstaint ghníomhach a fhormheas: Dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán, Cineál táirge: 19, ECHA/BPC/249/2020, a ghlacadh an 16 Meitheamh 2020.

([4]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán i gcás chineál táirge 19, ba cheart an dáta formheasa chun críocha Airteagal 89(3) den Rialachán sin a shocrú don 1 Iúil 2022 ionas go mbeidh a dhóthain ama ann chun iarratais ar údarú a chur isteach i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 89(3) den Rialachán sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 89(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, is é 1 Iúil 2022 dáta formheasa dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán le haghaidh chineál táirge 19.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, i gCatagóir 6 de liosta na substaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 25(a), cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

| Uimhir CE | Ainm/grúpa | Srian | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| “204-696-9 | Dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán (*) | | Uimh. CAS 124-38-9 |

(*) Is é an 1 Iúil 2022 an dáta formheasa le haghaidh dé-ocsaíd charbóin a gineadh ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud le dóchán le haghaidh chineál táirge 19 chun críocha Airteagal 89(3).”.